# Innealtóireacht

**Nuachtlitir JCt4**

## An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Tá an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí ann chun **spreagadh**, **tacaíocht** agus **cumhacht** a thabhairt do mhúinteoirí agus Oideachas na Sraithe Sóisearaí in Éirinn á athrú ó bhonn.

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
JuniorCYCLE for teachers

## 2021/2022 FGL

Tá an fhoireann Innealtóireachta ag cur dlaoi mhullaigh ar dhearadh na ceardlainne FGL 2021/2022 a éascófar sa bhliain acadúil seo. Bhain an fhoireann príomhthéamaí as an aiseolas a thug múinteoirí i ndiaidh cheardlanna FGL na bliana seo caite. Tá muid ag suil go mór le sibh a fheiceáil i mí Eanáir chun FGL a sheachadadh ar líne agus tá súil againn tuilleadh tacaíochta a thabhairt daoibh leis an tsonraíocht a chur i bhfeidhm sa seomra ranga.

## Cainéal Podchraolta Teagmhálach

Meabhrán daoibh go bhfuil ár gcainéal podchraolta féin againn ar Soundcloud, atá ar fáil anseo. Tá sé i gceist go gclúdóidh na podchraoltaí seo topaicí agus réimsí spéise a bhaineann go dlúth leis na sonraíochtaí againn féin. Nascfaidh siad an saol fíor, an tionscal agus an saol acadúil leis na sonraíochtaí againn. Tá sé i gceist againn ár bpodchraoltaí a eisiúint go rialta sna míonna amach romhainn chun cur leis na heagráin a bhí againn roimhe seo.

## Fáilte

Thar ceann na foirne Innealtóireachta, ba mhaith linn fáilte a chur romhat chuig an 9ú heagrán de Nuachtlitir Innealtóireachta JCt4, 'Eagrán an Fhómhair 2021'. Tá súil againn gur chabhraigh sos an tsamhraidh leat athluchtú i ndiaidh bliain acadúil dhúshlánach. Agus an bhliain acadúil nua linn, ba mhaith linn a chur i gcuimhne do na múinteoirí go léir gur féidir teagmháil a dhéanamh lenár gcomhairleoirí innealtóireachta tiomnaithe ón gcluaisín Baill Foirne ar jct.ie. Ná bíodh aon leisce oraibh teagmháil a dhéanamh linn má bhíonn aon cheist agaibh nó má theastaíonn cúnamh breise uaibh maidir le Sonraíocht Innealtóireachta na Sraithe Sóisearaí.

## Ár bhFoireann Innealtóireachta do 2021/2022




Agus muid ag tosú ar bhliain nua, tá athrú tagtha ar an bhfoireann againn. Ba mhaith linn comhghairdeas a dhéanamh lenár n-iar-chomhghleacaí, Ignatius Dineen, agus gach rath a ghuí air as a cheapachán le déanaí mar Leas-Phríomhoide i gColáiste an Easpaig Mhic Aogáin, Maigh Chromtha, Co. Chorcaí.



Chiallaigh imeacht Ignatius go bhfuil ball foirne nua againn, Ciarán Ó Ceallacháin. Tagann Ciarán linn ó Choláiste Dhún an Rí, Dún an Rí, i gContae an Chabháin agus tá sé ag súil go mór leis an mbliain amach romhainn agus a bheith ag cabhrú le múinteoirí agus iad ag cur na Sonraíochta Innealtóireachta i bhfeidhm.

## Meabhrúchán faoi na Socruithe Athbhreithnithe do MRBnna sa tSraith Shóisearach




D'eisigh an CNCM 'Socruithe Athbhreithnithe chun Measúnuithe Rangbhunaithe a Chur i gCrích do scoláirí sa tríú bliain in 2021/2022'. Is féidir teacht ar nasc chuig an doiciméad anseo. Cé nach bhfuil na socruithe seo do MRBnna i bhfeidhm ach don bhliain acadúil seo, tugann siad breac-chuntas ar roinnt príomhdhátaí.


## Socruithe Athbhreithnithe do Mheasúnú na Sraithe Sóisearaí




D'eisigh an CNCM 'Socruithe athbhreithnithe chun Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích do scoláirí sa dara bliain in 2020/2021'. Is féidir teacht ar nasc chuig an doiciméad anseo. Tá impleachtaí ag na socruithe seo d'obair chúrsa agus do chodanna scríofa inár n-ábhair a ndéanfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit measúnú orthu in 2022. Moltar daoibh eolas a chur ar na socruithe seo don bhliain acadúil amach romhainn.

## Turas Foghlama an Scoláire

D'fhorbair foireann JCt4 sraith de phóstaeir do gach ceann de na hábhair Theicneolaíochta. Leagtar amach san acmhainn seo na príomhócáidí foghlama agus measúnaithe a mbíonn scoláirí páirteach iontu in Innealtóireacht na Sraithe Sóisearaí.




Scríofa i dteanga atá sothuigthe ag na scoláirí, cabhróidh an acmhainn seo le scoláirí a dturas foghlama a thuiscint i rith na chéad bhliana, an dara bliain agus an tríú bliain. Tá teacht ar an acmhainn seo faoi Theagasc agus Foghlaim, Tacaí Ranga sa rannán Acmhainní ar an láithreán gréasáin againn ach cliceáil anseo le haghaidh tuilleadh sonraí.

Tá teacht ar thuilleadh acmhainní freisin sa rannán Measúnaithe ar an láithreán gréasáin againn ach cliceáil anseo.

## Cumarsáid

@JCt4ed

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí JuniorCYCLE for teachers

www.jct.ie

Liosta seoltaí

## Acmhainn a Fhiosraíonn Torthaí Foghlama

Chruthaigh foireann Innealtóireachta JCt4 acmhainn a thógfaidh tríd an bpróiseas pleanála ar fad tú. Díríonn sé go háirithe ar fhoghlaim a aithint laistigh de thorthaí foghlama chomh maith le díriú ar aonaid foghlama a chruthú. Tugann sé léargas ar an gcaoi a n-úsáidtear an pleanálaí digiteach agus ar roinnt de na hacmhainní eile atá ar fáil chun pleanáil go héifeachtach. Tá físeán gearr ar fáil anseo. Tá bileog acmhainní pleanála againn freisin, atá ar fáil anseo. Tá naisc ar an leathanach seo leis na hacmhainní go léir a theastaíonn chun cabhrú leat agus tú ag plé leis an bpróiseas pleanála.

## Innealtóireacht sa Saol Mórthimpeall Orainn



Chun 'Meoin na hInnealtóireachta' a fhorbairt agus scoláirí a mhealladh chuig saol na hInnealtóireachta timpeall orthu, bímid ar an airdeall i gcónaí le haghaidh alt, físeán agus ábhair thacaíochta éagsúla chun intinn na scoláirí a mhúscailt. D'fhéadfadh na naisc thíos sibh a threorú i gceann roinnt gníomhaíochtaí suimiúla maidir leis na torthaí foghlama seo a leanas:

**3.4** feidhm na gcóras i suíomh innealtóireachta ar nós an tseomra ranga, an bhaile agus an tionscail **a fhiosrú**

**3.5** tionchar na meicitreonaice ar an gcomhshaol agus ar an tsochaí **a iniúchadh**

**3.11** a rogha córas is cuí do chuspóir sonraithe **a chosaint**

https://www.youtube.com/watch?v=o_xGLfvlXzc

https://www.bbc.com/news/technology-57651843

**1.4** na hairíonna a bhaineann le raon ábhair innealtóireachta **a thuiscint**

https://www.youtube.com/watch?v=Um_g8sQ_p3Y

## Nuacht agus Imeachtaí

Lean ar aghaidh ag spreagadh do chomhghleacaithe chun clárú le hInnealtóireacht JCt4 tríd an liosta seoltaí ag an taobh. Féach ar an gcluaisín nuacht agus imeachtaí laistigh den rannán Teicneolaíochtaí ar jct.ie agus lean muid ar an leathanach Twitter againn @JCt4ed. Ná bíodh leisce ort teagmháil a dhéanamh trí ríomhphost le ball ar bith den fhoireann le do chuid fiosruithe. Is féidir na seoltaí ríomhphoist a fháil sa chluaisín Baill Foirne ar leathanach baile jct.ie. Ar deireadh, guímid gach rath oraibh sa bhliain amach romhainn agus tá muid ag tnúth go mór le bualadh libh arís an bhliain acadúil seo.

Le dea-mhéin

**Foireann Innealtóireachta JCt4**